An buiséad agus an timpeallacht

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhuiséad 2021. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat, Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo a bheidh le cloisteáil inti?

1. carbon tax _____
2. fuel _____
3. carbon dioxide _____
4. environmental affairs _____
5. petrol and diesel _____
6. economy _____
7. retrofit _____
8. under a shadow _____
9. climate issues _____
10. undoubtedly, indeed _____

Féachaigí ar an mír le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Anois féach ar an mír den dara huair agus breac síos achoimre ghearr ar ábhar na míre. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 3 Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus breacaigí síos na bealaí ar fad ar féidir libh bhur lorg carbóin a ísliú. Mar shampla:

- ✓ *Ba cheart dom teacht chun na scoile/na hollscoile ar mo rothar agus gan an bus a thógáil.*

Ceist 4 **A**. Ag obair leis an duine in aice leat, féachaigí ar na focail seo a bhí sa mhír agus cuirigí sna boscaí cuí sa tábla thíos iad. Féachaigí san fhoclóir más gá.

comhairleoir, seirbhís, comhairle, buiséad, ceardlann, mí, bliain, aistriúchán, cruinniú, ceantar, ceist

Ainmfhocail bhaininscneacha	Ainmfhocail fhirinscneacha

B. Anois, féachaigí ar na pointí seo, a chuideodh le duine inscne an ainmfhocail a aimsiú. Cuirigí na pointí sna boscaí cuí thíos agus tugaigí samplaí breise i ngach cás.

- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -lann: *ceardlann*

- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -eog agus -óg: *fuinseog*

- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -íocht agus -aíocht agus a bhfuil dhá shiolla nó níos mó iontu: *infheistíocht*

- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -eacht nó -acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu: *smacht*

- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -éir, -eoir, -óir, -úir, -í, -aí agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth: *comhairleoir*

- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -eacht agus –acht agus a bhfuil dhá shiolla nó níos mó iontu: *dánacht*

- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -ín: *cailín*

Ainmfhocail bhaininscneacha	Ainmfhocail fhirinscneacha

Ceist 5 '..ceardlanna...'

Cén t-iolra atá ag na hainmfhocail ó cheist 4 anois?

comhairleoir, seirbhís, comhairle, buiséad, ceardlann, mí, bliain, aistriúchán, cruinniú, ceantar, ceist

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An bhfuil go leor déanta ag an rialtas ar son na timpeallachta sa bhuiséad, dar leat?
2. Conas a chuirfidh an t-athrú aeráide isteach ar Éirinn amach anseo, dar leat?
3. An bhfuil aithne agat ar aon duine a shéanann an t-athrú aeráide?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1.	carbon tax	*cáin charbóin*
2.	fuel	*breosla*
3.	carbon dioxide	*dé-ocsaíd charbóin*
4.	environmental affairs	*cúrsaí comhshaoil*
5.	petrol and diesel	*peitreal agus díosal*
6.	economy	*geilleagar*
7.	retrofit	*iarfheistiú*
8.	under a shadow	*faoi scáth*
9.	climate issues	*cúrsaí aeráide*
10.	undoubtedly, indeed	*gan amhras*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Roinn an rang i ngrúpaí agus tabhair tamall maith cainte do na foghlaimeoirí an liosta a dhéanamh. Bíodh plé agat leis an rang ar fad agus cuir obair gach grúpa i gcodarsnacht a chéile.

Ceist 4

A

Focail bhaininscneacha	**Focail fhirinscneacha**
seirbhís, comhairle, ceardlann, mí, bliain, ceist	*comhairleoir, buiséad, aistriúchán, cruinniú, ceantar*

B

Focail bhaininscneacha	**Focail fhirinscneacha**
- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -lann: *dánlann, leabharlann* - Ainmfhocail a chríochnaíonn le -eog agus -óg: *feadóg, fuinneog* - Ainmfhocail a chríochnaíonn le -íocht agus -aíocht agus a bhfuil dhá shiolla nó níos mó iontu: *eagraíocht, bainistíocht* - Ainmfhocail a chríochnaíonn le -eacht agus -acht agus a bhfuil dhá shiolla nó níos mó iontu: *castacht, coiriúlacht (eisceachtaí: comhlacht, imeacht)*	- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -eacht nó -acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu: *smacht, ceacht* - Ainmfhocail a chríochnaíonn le -éir, -eoir, -óir, -úir, -í, -aí agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth: *freastalaí, múinteoir* - Ainmfhocail a chríochnaíonn le -ín: *birín, cipín (eisceachtaí: ealaín, muinín, vacsaín agus roinnt téarmaí ceimice)*

Níl sna pointí seo ach treoir, agus ní chlúdaítear gach riail a bhaineann le hinscne na n-ainmfhocal a aimsiú.

Ceist 5

Comhairleoir – comhairleoirí, seirbhís – seirbhísí, comhairle – comhairlí, buiséad – buiséid, ceardlann – ceardlanna, mí – míonna, bliain – blianta, aistriúchán – aistriúcháin, cruinniú – cruinnithe, ceantar – ceantair, ceist – ceisteanna.

Ceist 6

Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun an cheist a phlé.

Siún Nic Gearailt
Anois, tá ardú le teacht ar cháin charbóin ó mheán oíche anocht i gcás breosla gluaisteáin agus ón gcéad lá de Bhealtaine i gcás breoslaí eile. Gearrfar cáin €33.50 in aghaidh gach tonna dé-ocsaíd charbóin[1] as seo amach. Tá a thuilleadh faoi seo ag Caoimhe Ní Laighin atá i lár chathair Bhaile Átha Cliath.

Caoimhe Ní Laighin
Is dócha gurb é an ceannteideal sa mbuiséad seo ó thaobh cúrsaí comhshaoil de ná an t-ardú ar cháin charbóin. Tá ardú €7.50 go €33.50 le teacht air sin in aghaidh gach tonna dé-ocsaíd charbóin. Tiocfaidh an t-ardú sin i bhfeidhm láithreach ar pheitreal agus ar dhíosal anocht agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar bhreoslaí eile i mí na Bealtaine. Tá ardú €7.50 le teacht ar an gcáin sin gach uile bhliain go dtí go mbeidh costas €100 in aghaidh gach tonna air. Ar ndóigh tá sé mar aidhm ag an rialtas an carbón a bhrú go hiomlán amach as an ngeilleagar faoin mbliain 2050.

As an gcáin charbóin sa mbreis sin a bhaileofar sa mbliain amach romhainn, cuirfear €100 milliún sa mbreis ar fáil chun iarfheistiú a dhéanamh ar thithe daoine agus chomh maith leis sin, tá athruithe le déanamh ar VRT[2] chun roghanna níos sláintiúla don timpeallacht a spreagadh.

Chuir mé ceist ar shaineolaí amháin níos túisce inniu, ar cheap sé gur drochbhuiséad nó buiséad maith a bhí ann i mbliana, ó thaobh cúrsaí comhshaoil de.

Micheál Ó Cinnéide, Iar-Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil
Tá sé deacair a rá mar gan amhras táimid faoi scáth agus faoi scamall Covid. Agus, ar shlí tá an timpeallacht brúite, mar a déarfá, as an mbealach. Sin é an rud atá tarlaithe. Bhí sé daichead nóiméad inniu sular thosaigh Paschal Donohoe ag caint ar chúrsaí aeráide nó timpeallachta. *So*, tuigimid é sin. Ach, nuair a imeoidh Covid, tiocfaidh na ceisteanna sin thar n-ais arís. *So*, ní drochbhuiséad é, ó mo thaobh féin de, mar tá rudaí déanta, ach gan amhras tá scéalta i bhfad níos mó againn inniu.

[1] *gach tonna dé-ocsaíde carbóin* de réir an Chaighdeáin
[2] *Vehicle Registration Tax,* Cáin Cláraithe Feithiclí as Gaeilge